



Ollscoil Chathair
Bhaile Átha Cliath
Dublin City University

Páipéar Comhairliúcháin

Anailís ar na hacmhainní reatha teagaisc agus foghlama do pháistí a bhfuil riachtanais oideachais bhreise acu sa chóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Sinéad Nic Aindriú agus Pádraig Ó Duibhir
Cúntóir Taighde: Sarah McGuinness



SEALBHÚ
Lárionad Taighde DCU
um Fhoghlaim agus Teagasc
na Gaeilge

Bealtaine 2021

Clár Ábhair

.....	1
1. Réamhrá.....	2
1.1. Réasúnaíocht don Pháipéar Comhairliúcháin.....	3
2. An Próiseas Comhairliúcháin	5
2.1. Céim a hAon.....	5
2.2. Róil na Múinteoirí a Chomhlánaigh an Ceistneoir	6
2.3. Céim 2: Agallaimh Leathstruchtúrtha	7
2.4. Céim 3: Ag freagairt don Pháipéar Comhairliúcháin seo	8
2.5. Freagraí a Fhoilsiú	8
3. Achoimre ar na Torthaí Taighde	9
3.1. Na Dúshlán atá ann do Scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta	9
3.2. Acmhainní	12
3.2.1. Am a Chaitheann Múinteoirí agus Acmhainní á gCruthú.....	12
3.2.2. Acmhainní atá ag Teastáil trí Ghaeilge.....	12
4. Moltaí don Todhchaí.....	15
4.1. Seirbhísí Seachtracha trí Ghaeilge.....	15
4.2. Litearthacht.....	15
4.2.1. Measúnú	15
4.2.2. Idirghabhálacha Litearthachta	16
4.2.3. Acmhainní	16
4.3. Teanga agus Cumarsáide	18
4.3.1. Measúnú	18
4.3.2. Idirghabhálacha Teanga agus Cumarsáide.....	18
4.3.3. Acmhainní Teanga agus Cumarsáide	19
4.4. Matamaitic.....	19
4.4.1. Measúnú	19
4.4.2. Idirghabhálacha Uimhearthachta	20
4.4.3. Acmhainní	20
4.5. Forbairt Phearsanta, Shóisialta, agus Mhothúcháinach	21
4.5.1. Measúnú agus idirghabhálacha	21
4.5.2. Acmhainní	21
5. Conclúid	22
6. Tagairtí	23

1. Réamhrá

Tugadh faoin bpáipéar comhairliúcháin seo chun imscrúdú a dhéanamh ar na hacmhainní measúnaithe agus teagasc atá riachtanach trí mheán na Gaeilge do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta (scoileanna T1) chun freastal ar riachtanais speisialta oideachais (RSO) na ndaltaí. Beidh deis ag múinteoirí agus scoileanna, freagra a thabhairt ar an bpáipéar seo tríd an nasc don fhoirm aiseolais chomhairliúcháin atá ar fáil [ANSEO](#). Is féidir an fhoirm seo a chomhlánú agus a sheoladh isteach go leictreonach tríd an nasc. Lorgáimid tuairimí ar ghné ar bith den pháipéar. Is iad cuspóirí an pháipéir chomhairliúcháin ná:

- Meastóireacht a dhéanamh ar na réimsí ina dteastaíonn tuilleadh measúnuithe agus acmhainní trí Ghaeilge chun cabhrú le scoileanna freastal ar RSO a gcuid daltaí,
- Na dúshláin a bhíonn roimh mhúinteoirí scoileanna T1 a shainnithint agus iad ag teacht ar mheasúnuithe agus acmhainní i nGaeilge,
- Cáipéis a scríobh ag plé na n-acmhainní atá ar fáil trí Ghaeilge, na dúshláin atá roimh scoileanna maidir le rochtain a fháil ar acmhainní trí Ghaeilge, agus moltaí a dhéanamh faoi na hacmhainní a dteastaíonn ó mhúinteoirí trí Ghaeilge,
- Deis a sholáthar do gheallsealbhóirí oideachas lán-Ghaeilge (m.sh. príomhoidí, múinteoirí ranga, múinteoirí oideachais speisialta) páirt a ghlacadh sa phróiseas comhairliúcháin seo agus a gcuid smaointe agus moltaí a roinnt trí fhoirm chomhairliúcháin a líonadh,
- Tuarascáil a scríobh bunaithe ar an aiseolas ar an bpáipéar comhairliúcháin de réir thorthaí/mholtaí an phróisis chomhairliúcháin.

Tá an páipéar comhairliúcháin seo tábhachtach mar go n-insíonn an litríocht idirnáisiúnta dúinn go bhfuil múinteoirí a bhfuil teacht acu ar na measúnuithe, acmhainní, tacaíocht agus treoir chuí níos éifeachtaí agus go ndéanann a gcuid daltaí dul chinn acadúil níos fearr (Feng & Sass, 2010). Déantar anailís sa pháipéar ar na hacmhainní teagasc, foghlama agus measúnaithe reatha a úsáidtear i scoileanna T1 agus iad ag freastal ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu. Tugann na sonraí a bailíodh tríd an taighde deis dúinn comparáid a dhéanamh idir na hacmhainní atá ar fáil/a úsáidtear trí Ghaeilge i scoileanna T1 agus na cleachtais is fearr a mholtar go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá trí céim ag baint leis an bpróiseas comhairliúcháin. Sa chéad céim, líon múinteoirí scoileanna T1 ceistneoir ar líne. Sa dara céim, ghlac múinteoirí scoileanna T1 páirt in agallaimh aonair chun comhthéacs eile a sholáthar do na sonraí a bailíodh tríd an gceistneoir. Sa tríú céim, an chéim seo, tugtar cuireadh do scoileanna agus do mhúinteoirí foirm chomhairliúcháin a chomhlánú ag

soláthar aiseolais bunaithe ar na gnéithe a chlúdaítear sa pháipéar comhairliúcháin seo. Tabharfaidh sé seo deis do scoileanna agus do mhúinteoirí freagra a thabhairt ar an bpáipéar lena gcuid smaointe, barúlacha agus moltaí ar an bhfoirm chomhairliúcháin gan ainm ar líne a ghabhann leis an bpáipéar. Úsáidfeadh torthaí na bhfoirmeacha comhairliúcháin chun mionsonraí an pháipéir a shoiléiriú agus chun aon sonraí suntasacha a fágadh ar lár a chur leis. Ansin déanfar moltaí ar cad iad na measúnuithe agus na hacmhainní trí mheán na Gaeilge a theastaíonn ó scoileanna T1 chun cabhrú leo freastal ar riachtanais speisialta oideachais a gcuid daltaí.

1.1. Réasúnaíocht don Pháipéar Comhairliúcháin

Cuireadh béim ar an ngá le tuilleadh taighde sa réimse seo le breis agus 10 mbliana anuas (Andrews, 2020; COGG, 2010; NCCA, 2007). I dtaighde a rinneadh le déanaí, fuarthas amach go raibh dúshlán roimh mhúinteoirí i mbunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht maidir le hacmhainní teagaisc agus measúnaithe oideachais speisialta a sholáthar trí mheán na Gaeilge (Andrews, 2020). Déanann an próiseas comhairliúcháin mionscrúdú ar na hacmhainní atá ar fáil trí Ghaeilge sna réimsí seo a leanas; litearthacht i nGaeilge, Matamaitic, TFC, teanga agus cumarsáid, agus forbairt phearsanta, shóisialta agus mhothúcháin. Roghnaíodh na réimsí seo mar gur sainithníodh iad ar na réimsí ina raibh tuilleadh acmhainní de dhíth i dtaighde roimhe seo (Andrews, 2020). Is gá freisin imscrúdú a dhéanamh ar na hacmhainní trí Ghaeilge atá á ndéanamh ag múinteoirí iad féin sna scoileanna T1 agus cé mhéad uair an chloig sa tseachtain atá á gcaitheamh acu ag cruthú na n-acmhainní sin. Fiosraíonn an próiseas comhairliúcháin na hacmhainní agus na hábhair mheasúnaithe atá á n-aistriú ó Bhéarla go Gaeilge ag múinteoirí sna réimsí seo. Tá sé seo tábhachtach mar tugann taighde idirnáisiúnta rabhadh i gcoinne aistriúcháin ar ábhar measúnaithe ag múinteoirí agus gairmithe oideachais (Pert & Letts, 2003). Ní cleachtas inmholta é an cleachtas seo mar nach dtugann sé tuairisc chruinn ar chumas na ndaltaí nuair a aistrítear tástálacha go neamhfhoirmiúil agus na noirm le haghaidh an tástáil Bhéarla a úsáid (O'Toole & Hickey, 2013). De bharr easpa measúnuithe litearthachta trí Ghaeilge tá sé deacair ar scoileanna agus ar mhúinteoirí measúnú cuí a dhéanamh ar dhaltaí ag úsáid tástálacha i mBéarla amháin, mar go bhfuil oideachas á gcur ar na daltaí trí mheán na Ghaeilge. Tuairiscíodh go bhfuil gá le tuilleadh measúnuithe a chur ar fáil trí Ghaeilge ó 2004 i leith (Barnes, 2017; COGG, 2010; Mac Donnacha, Ní Chualáin, & Ní Shéaghdha, 2004; NCCA, 2007; Ní Chinnéide, 2009; Nic Gabhann, 2008; Ó Duibhir et al., 2015). Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach tuiscint a fháil ar na cleachtais atá i bhfeidhm sna scoileanna faoi láthair ó thaobh measúnaithe i gcoitinne agus a gcuid riachtanas ó thaobh measúnaithe trí Ghaeilge a aithint. Tagraíodh freisin don ghá atá le seirbhísí seachtracha (m.sh. teiripeoirí teanga agus urlabhra, agus síceolaithe oideachais) a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge mar riachtanas do dhaltaí a bhfuil RSO acu atá ag foghlaim trí Ghaeilge (COGG, 2010; Mac Donnacha et al., 2004; Ní Chinnéide, 2009). Tugann an páipéar comhairliúcháin deis do

mhúinteoirí agus do scoileanna na cleachtais reatha atá i bhfeidhm a phlé maidir le rochtain a fháil ar thacaíochtaí breise, an teanga ina bhfuil na seirbhísí seo á soláthar agus a gcuid riachtanas reatha sa réimse seo.

2. An Próiseas Comhairliúcháin

Baineadh úsáid as cur chuige modhanna measctha don taighde seo chun imscrúdú a dhéanamh ar na hacmhainní teagaisc agus measúnaithe a theastaíonn trí mheán na Gaeilge chun freastal ar riachtanais speisialta oideachais (RSO) na ndaltaí i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta (scoileanna T1). Roghnaíodh an mhodheolaíocht seo toisc go gcuireann sé ar ár gcumas ceisteanna a fhreagairt nach féidir a imscrúdú go héifeachtach agus modhanna cainníochtúla nó cáilíochtúla amháin á n-úsáid. Sa chéad chéim den taighde, líon na scoileanna (n=56) ceistneoir gan ainm ar líne. Thug an suirbhé ar líne deis dúinn eolas staitistiúil mar aon le sonraí a bhaineann le tuairimí agus cleachtais na rannpháirtithe a bhailiú ag aon am amháin. Sa dara céim, chuaigh múinteoirí na scoileanna seo faoi agallamh leath-struchtúrtha aonarach. Roghnaíodh an cur chuige seo toisc go dtugann sé léargas níos saibhre ar na sonraí cainníochtúla a bailíodh tríd an suirbhé. Rinneadh agallaimh a mhair 30 nóiméad ar a mhéad le múinteoirí agus príomhoidí (n=32).

2.1. Céim a hAon

Líon 56 múinteoir an suirbhé san iomlán. Feictear i dTábla 2. 1 an briseadh síos de réir cineál scoile. As na scoileanna a ghlac páirt sa staidéar (n=56), bhí ranganna speisialta i naoi gcinn de na scoileanna, ceithre bhunscoil agus cúig iar-bhunscoil.

Tábla 2.1. Líon na scoileanna i ngach catagóir a chomhlánaigh an suirbhé ar líne

	Líon Iomlán na Scoileanna	Sampla Ionadaíoch a líon an suirbhé
Bunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht	150	31 (20.6%)
Iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht	47	7 (14.89%)
Bunscoileanna Gaeltachta	109	13 (12%)
Iar-bhunscoileanna Gaeltachta	22	5 (22.72%)
Iomlán	328	56

Ghlac meascán de scoileanna beaga agus scoileanna an-mhór páirt sa taighde tríd an gceistneoir ar líne a chomhlánú. Mar shampla, bhí 20 dalta cláraithe sa scoil is lú agus 720 dalta cláraithe sa scoil is

mó. Bhí formhór na scoileanna a chomhlánaigh an suirbhé (27/56) lonnaithe i gCúige Laighean mar a fheictear i dTábla 2.2. Bhí 15 scoil lonnaithe i gCúige Mumhan, seacht scoil i gCúige Uladh agus i gCúige Connachta.

Tábla 2.2. Suíomh Thíreolaíoch na scoileanna a ghlac páirt sa taighde

	Cúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Uladh	Cúige Chonnacht
Bunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht	21	7	1	2
Iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht	5	2	0	0
Bunscoileanna Gaeltachta	1	3	5	4
Iar-bhunscoileanna Gaeltachta	0	3	1	1

Bailíodh freagraí ó scoileanna a raibh stádas DEIS acu agus cinn eile nach raibh. Bhí sé cinn de na scoileanna in DEIS Banda 1, bhí trí cinn in DEIS Banda 2, agus bhí cúig cinn acu in DEIS tuaithe mar a fheictear i dTábla 2.3 thíos. Ní raibh na 42 scoil eile lonnaithe i limistéar aitheanta faoi mhíbhuntáiste.

Tábla 2.3: Líon na scoileanna DEIS de réir cineál scoile a líon an suirbhé

	DEIS Banda 1	DEIS Banda 2	DEIS Tuaithe
Bunscoil lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht	3	1	0
Iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht	1	1	0
Bunscoileanna Gaeltachta	2	0	4
Iar-bhunscoileanna Gaeltachta	0	1	1

2.2. Róil na Múinteoirí a Chomhlánaigh an Ceistneoir

Múinteoirí oideachais speisialta i mbunscoileanna an grúpa ba mhó a chomhlánaigh an ceistneoir thar ceann a scoile (bunscoil n = 23/iar-bhunscoil n = 6). Ba iad príomhoidí riaracháin (n = 11) an grúpa leis

an dara ráta freagartha is mó ar na ceistneoirí. Astu siúd a chomhlánaigh an ceistneoir thar ceann a scoile, bhí 11 acu ina múinteoirí ranga príomhshrutha. Bailíodh na freagraí eile ó phríomhoidí teagaisc (n = 6), múinteoirí ábhair iar-bhunscoile (n = 3), agus múinteoirí ranga speisialta (n = 1). Tá miondealú na bpost in aghaidh an chineáil scoile ar fáil i dTábla 2.4 thíos.

Tábla 2.4. Róil na ndaoine a chomhlánaigh an ceistneoir ar líne thar ceann a gcuid scoileanna

	Bunscoil lán- Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht	Iar-bhunscoil lán- Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht	Bunscoil Ghaeltachta	Iar-bhunscoil Ghaeltachta
Múinteoir Oideachais Speisialta	16	3	7	3
Múinteoir Ranga Príomhshrutha	5	3	1	1
Múinteoir Rang Speisialta	0	0	0	1
Príomhoide Teagaisc	1	0	4	1
Príomhoide Riaracháin	9	1	0	0

2.3. Céim 2: Agallaimh Leathstruchtúrtha

Rinneadh agallaimh le 32 múinteoir san iomlán ó scoileanna T1 (féach Tábla 2.5). Múinteoirí oideachais speisialta ba mhó a ghlac páirt ach bhí múinteoirí le rólanna eile páirteach freisin. Rinneadh gach iarracht cuireadh a thabhairt do mhúinteoirí ó scoileanna ar fud na tíre páirt a ghlacadh sna hagallaimh. Rinneadh iarracht ar leith a chinntiú go gcuirfí guth agus tuairimí gach ceantar Gaeltachta san áireamh.

Tábla 2.5: Líon na rannpháirtithe agallaimh ó gach cineál scoile agus a ról laistigh dá scoil.

	Bunscoil lán- Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht	Iar-bhunscoil lán- Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht	Bunscoil Ghaeltachta	Iar-bhunscoil Ghaeltachta
Príomhoide Riaracháin	2	0	1	1
Príomhoide Teagaisc	2	0	2	0
Múinteoir Ranga Príomhshrutha (Bunscoil)	2	0	1	0
Múinteoir Ranga Príomhshrutha (Iar- bhunscoil)	N/BH	3	N/BH	0
Múinteoir Oideachais Speisialta	7	3	3	3
Múinteoir Rang Speisialta	0	0	0	2

2.4. Céim 3: Ag freagairt don Pháipéar Comhairliúcháin seo

Beidh deis ag múinteoirí agus scoileanna anois i gcéim 3, freagra a thabhairt ar an bpáipéar seo tríd an nasc don fhoirm aiseolais chomhairliúcháin atá ar fáil [ANSEO](#). Is féidir an fhoirm seo a chomhlánú agus a sheoladh isteach go leictreonach tríd an nasc. Lorgáimid tuairimí ar ghné ar bith den pháipéar. Tá an páipéar comhairliúcháin ar fáil ar shuíomh gréasáin Gaeloideachas chomh maith (www.gaeloideachas.ie). Líon an fhoirm aiseolas le do chuid tuairimí roimh an 11 Meitheamh 2021 le do thoil. Ní chuirfear tuairimí a leagtar isteach tar éis an spriocdháta san áireamh.


2.5. Freagraí a Fhoilsiú

Foilseofar gach freagra a fhaightear i ndiaidh an chomhairliúcháin ach amháin sa chás go n-iarrann tú a mhalairt. Ní fhoilseofar ach tráchtanna a mheastar a bheith ábhartha d'ábhar an chomhairliúcháin.

3. Achoimre ar na Torthaí Taighde

3.1. Na Dúshlán atá ann do Scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta


Dúirt formhór na scoileanna a líon an suirbhé go raibh an easpa acmhainní measúnuithe agus teagaisc trí mheán na Gaeilge an-dúshlánach (n = 33). Cheap 22 scoil eile go raibh an fhadhb seo rud beag dúshlánach. Níor luaigh ach scoil amháin nach raibh sé seo dúshlánach dóibh (féach Figiúr 3.1). I dtaighde a rinneadh sa réimse seo roimhe seo, thuairiscigh scoileanna tumoideachais in Éirinn agus go hidirnáisiúnta araon go raibh sé dúshlánach teacht ar na measúnuithe agus na hacmhainní tríd an mionteanga (Andrews, 2020; COGG, 2010; Cammarata & Tedick, 2012; May, 2013; NCCA, 2007).



Figiúr 3.1. Líon na scoileanna a raibh rochtain ar mheasúnuithe agus acmhainní trí Ghaeilge an-dúshlánach, rud beag dúshlánach nó nach raibh dúshlán ag baint leis (n=56).

Phléigh na rannpháirtithe sna hagallaimh na dúshlán a bhí rompu ó thaobh teacht ar mheasúnuithe caighdeánaithe trí Ghaeilge. Luaigh gach múinteoir bunscoile Ghaeltachta gur dúshlán é nach bhfuil mórán trialacha caighdeánaithe ar fail trí mheán na Gaeilge. Bhí an dúshlán seo roimh seisear múinteoirí ó na bunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht (n=13) chomh maith. Ó thaobh na n-iarbhunscoileanna de bhí an easpa measúnuithe trí Ghaeilge mar ábhar buartha do cúigear mhúinteoirí Gaeltachta (n=6) agus triúir mhúinteoirí in iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Dúirt na rannpháirtithe seo go raibh sé deacair dóibh measúnú ceart a dhéanamh ar na daltaí de bharr nach raibh na trialacha ar fáil i dteanga na scoile agus/nó an baile.


Tríd an suirbhé, fuarthas amach go bhfuil an chuid is mó de bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta ag úsáid measúnuithe caighdeánaithe trí Ghaeilge chun measúnú a dhéanamh ar mhatamaitic agus litearthacht Ghaeilge (féach Figiúr 3.2).



Figiúr 3.2. Na measúnuithe atá in úsáid sna scoileanna

Fuarthas amach ón suirbhé go bhfuil roinnt múinteoirí i scoileanna T1 ag aistriú measúnuithe, mar shampla, scagairí disléicse agus measúnuithe cognaíocha ó Bhéarla go Gaeilge agus iad ag úsáid na noirm thástála Béarla. Thagair roinnt múinteoirí bun scoile agus iar-bhunscoile do seo sna hagallaimh freisin. Luaigh siad nach raibh an dara rogha acu toisc nach raibh na trialacha cosúil leis an Middle Infant Screening Test (MIST), Belfield Infant Assessment Profile (BIAP), agus trialacha caighdeánaithe eile ar fáil trí Ghaeilge. Ba léir freisin ón taighde go raibh go leor de na measúnuithe seo á n-úsáid trí Bhéarla sna scoileanna mar gheall nach raibh siad ar fáil trí Ghaeilge. Ní thabharfadh an próiseas measúnuithe seo léargas cruinn iontaofa ar chumais na ndaltaí toisc nach bhfuil na tástálacha á ndéanamh i dteanga teagaisc na scoile agus nach bhfuil a gcumas á mheas ach i gceann amháin dá dteangacha (O'Toole & Hickey, 2013). Mar sin féin, níl na measúnuithe seo ar fáil trí Gaeilge agus dá bhrí sin b'fhéidir go mbraitheann na múinteoirí seo nach bhfuil aon rogha acu ós rud é go bhfuil a gcuid daltaí ag foghlaim trí Ghaeilge.

Sa suirbhé, thuairiscigh múinteoirí an gá atá le measúnuithe caighdeánaithe trí Ghaeilge a fhorbairt sna réimsí seo a leanas; scagairí disléicse, tástálacha cumais chognaíoch, luath-litearthacht, luathuimhearthacht, litearthacht agus uimhearthacht iar-bhunscoile, agus tástálacha aistrithe do dhaltá atá ag bogadh ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil (féach Figiúr 3.3).




Figiúr 3.3 Na measúnuithe atá ag teastáil trí mheán na Ghaeilge

Sna hagallamh leis na múinteoirí atá ag múineadh i mbunscoileanna Gaeltachta, rinne cúigear mhúinteoirí cur síos ar a thábhachtaí is atá sé go mbeadh measúnú cosúil le MIST ar fáil do litearthacht na Gaeilge mar gheall ar an bpolasaí tumoideachais ina scoil. Ina theannta sin, luaigh ceathrar mhúinteoirí gur chóir go mbeadh an BIAP ar fáil trí Ghaeilge. Dúirt múinteoir amháin go raibh gá le measúnú scagthástála disléicse trí Ghaeilge. Luaigh ceathrar mhúinteoirí bunscoile lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht go bhfuil géarghá le scagthástáil disléicse don litearthacht Gaeilge agus triúr eile an tábhacht a bhaineann le tástáil luathlitearthachta cosúil leis an MIST a bheith ar fáil trí Ghaeilge. Mar atá ráite roimhe seo, phléigh na múinteoirí iar-bhunscoile an ganntanas atá ann maidir le trialacha caighdeánaithe trí Ghaeilge. Anuas air sin luaigh siad go raibh na trialacha seo a leanas ag teastáil trí Ghaeilge; seicliostaí, chlár Saibhriú Stór Focal a mholann an NBSS (2020), litearthacht, litriú, matamaitic, agus trialacha cognaíocha. Phléigh cuid de na múinteoirí iar-bhunscoile Ghaeltachta an gá atá le measúnuithe Ghaeilge a chur ar fáil i gcanúintí éagsúla na Gaeilge mar gur féidir leis na difríochtaí sa téarmaíocht a úsáidtear sna canúintí, mearbhall a chur ar dhaltaí. B'fhéidir nach bhfuil stór focal na gcanúintí éagsúla ar eolas acu agus bheadh tionchar aige seo ar a gcumas rochtain a fháil ar an tástáil. Thagair múinteoirí eile don ghá atá le Gaeilge na measúnuithe a bhforbrófar sa todhcháí a bheith inrochtana do dhaltaí mar is minic nach léireoidh teanga na tástála an Ghaeilge laethúil a úsáidtear.

3.2. Acmhainní

3.2.1. Am a Chaitheann Múinteoirí agus Acmhainní á gCruthú


Fiafraíodh de fhreagróirí an cheistneora cé chomh minic a chruthaigh siad a gcuid acmhainní féin trí Ghaeilge chun freastal ar RSO na daltaí a mhúineann siad (féach Figiúr 3.4). As an gcohort seo, thuairiscigh 17 freagróir go ndearna siad a gcuid acmhainní féin ar bhonn laethúil. Thuairiscigh 22 freagróir eile go ndearna siad a gcuid acmhainní féin ar bhonn seachtainiúil. Chruthaigh na freagróirí eile acmhainní gach coicís (n = 6), go míosúil (n = 6), agus go téarma (n = 2). Dúirt triúr freagróirí a bhí ina bpríomhoidí riaracháin nach ndearna siad a gcuid acmhainní féin riamh.



Figiúr 3.4. Cé comh minic is a dhearann múinteoirí scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a chuid acmhainní féin.

3.2.2. Acmhainní atá ag Teastáil trí Ghaeilge


Cé gur mhol roinnt múinteoirí go raibh feabhas tagtha ar an réimse acmhainní atá ar fáil trí Ghaeilge, is léir ón taighde seo go bhfuil go leor oibre le déanamh fós ionas go mbeidh rochtain ag daltaí atá ag foghlaim trí Ghaeilge ar acmhainní agus ar idirghabhálacha bunaithe ar fhianaise i dteanga teagaisc a scoile. Léirigh torthaí an tsuirbhé agus na hagallaimh na hacmhainní trí Ghaeilge atá ag teastáil i réimsí litearthachta na Gaeilge, teanga agus cumarsáid na Gaeilge, uimhearthacht, agus forbairt phearsanta, shóisialta agus mhothúcháinach (féach Figiúr 3.5).



Figiúr 3.5. Na hacmhainní in ord na práinne a theastaíonn uathu trí mheán na Gaeilge.

D'ardaigh tríúr mhúinteoirí bunscoile Ghaeltachta ($n = 7$) easpa acmhainní matamaitice sna hagallaimh ach go háirithe acmhainní ar líne. Chomh mhaith leis seo dúirt siad go raibh acmhainní de dhíth orthu trí Ghaeilge le haghaidh litriú, litearthacht agus scríbhneoireacht. Ba iad na cineálacha acmhainní a phléigh siad ná; clár litrithe céimnithe ($n = 1$), ríomhleabhair ($n = 1$), léitheoirí ar leibhéal íseal ach ardspéis ($n = 1$), feidhmchláir litearthacht agus litriú ($n = 1$), leabhair pheannaireachta ($n = 1$) agus léitheoirí grádaithe ($n = 1$). Maidir le hAistear, dúirt duine de na múinteoirí go mbainfidís leas as lámhleabhar gníomhaíochtaí chun iad a threorú sa réimse seo. D'ardaigh ochtar múinteoirí bunscoile lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht ($n = 13$) easpa acmhainní matamaitice chomh maith. Luaigh siad go raibh go leor acmhainní ag teastáil trí Ghaeilge ó thaobh na litearthachta Gaeilge de, mar shampla; an idirghabháil *Arrow* ($n=1$), áiseanna/scéim foghraíochta ($n=1$), idirghabhálacha bunaithe ar fhianaise ($n=1$), idirghabhálacha/acmhainní don disléicse ($n=2$), clár teagasc beachtais (*precision teaching*) ($n=1$), scéim cosúil le *Toe by Toe* ($n=1$), agus sraith leabhar grádaithe ($n=1$). Sna hiarbhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, pléadh na h-acmhainní trí Ghaeilge atá ag teastáil, mar shampla, físeáin bunaithe ar forbairt scileanna pearsanta, sóisialta agus mothúcháin. Phléigh múinteoir amháin an luach a bhaineann le líonra tacaíochta a bheith ann do mhúinteoirí scoileanna T1, cosúil leis na grúpaí neamhoifigiúla Facebook a cruthaíodh. Chuir múinteoir eile béim ar thábhacht an chórais cumarsáide *PECS* agus ar an gcaoi a gcaithfidh sé a bheith ar fáil i nGaeilge. Luaigh roinnt múinteoirí an gá atá le póstaí trí Ghaeilge in ábhair dhifriúla agus níos mó áiseanna léitheoireachta.

Rinneadh tagairt freisin don ghá a bhí le níos mó acmhainní TFC trí Ghaeilge sa suirbhé ar nós bogearraí agus feidhmchláir éagsúla (féach Figiúr 3.6). Bhí an t-éileamh ba mhó do bhogearraí téacs go teanga (n=36), closleabhair (n = 36), agus feidhmchláir (n=36). Ba é bogearra teanga go téacs (n=35) an chéad rud eile ba phráinní. Liostáladh teicneolaíocht próiseála focal trí Ghaeilge ina dhiaidh seo (n=34). Bhí feidhmchláir chun forbairt fóineolaíochta dhaltá a mheas sa cheathrú háit (n=33), agus ina dhiaidh sin bhí feidhmchláir ar litearthacht na Gaeilge a mheas (n=32). Is iad na hacmhainní TFC eile trí mheán na Gaeilge a theastaíonn ná; scéalta sóisialta (n=31), tadhallchlóscríobh (n=31), feidhmchláir chun cumais chognaíoch / chuimhne fheidhmiúil na ndaltaí a fhorbairt (n=30), cláir litrithe (n = 29), measúnuithe mhatamaitice (n = 29), agus léitheoir scáileáin (n=23). Bhí cúig fhreagra ‘eile’ ann ag beirt rannpháirtí a leag béim ar a thábhachtaí is atá cláir seiceála litrithe, feidhmchláir chlóscríofa (n = 1), físeáin le haghaidh folláine / yoga (n = 1). Dúirt seachtar mhúinteoirí sna hagallaimh as 32 san iomlán go raibh easpa acmhainní TFC ann trí Ghaeilge. Thuairiscigh triúr mhúinteoirí gur chóir go mbeadh níos mó físeán trí Ghaeilge ar fáil. Luadh léitheoir tumtha, *Justmote.me*, nótaí cainte (*Speechnotes*), tadhallchlóscríobh uair amháin i dtéarmaí réimse riachtanas.



Figiúr 3.6. Na cineálacha TFC a theastaíonn trí mheán na Gaeilge

4. Moltaí don Todhchaí

Déantar moltaí maidir le forbairt don todhchaí i réimse an mheasúnaithe agus acmhainní do dhaltaí a bhfuil RSO acu atá ag foghlaim trí Ghaeilge sa chuid seo den pháipéar. Is iad na príomhthéamaí faoina ndéantar moltaí sa chuid seo ná; seirbhísí seachtracha, litearthacht, teanga agus cumarsáid, uimhearthacht, agus forbairt sóisialta agus mothúchánach. Faoi gach ceannteideal pléitear an measúnú, idirghabhálacha, agus acmhainní/TFC. Baineann na moltaí a dheantar leis an gcleachtas is fearr a mholtar go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta maidir le freastal ar riachtanais speisialta oideachais daltaí i gcomhthéacsanna tumoideachais agus iad siúd atá ag foghlaim tríd an dara theanga. Tá fáilte roimh gheallsealbhóirí oideachais scoileanna T1 a gcuid aiseolais agus a dtuairimí a sholáthar maidir leis na moltaí seo agus ábhar an pháipéir chomhairliúcháin seo ag úsáid an fhoirm chomhairliúcháin ar líne.

4.1. Seirbhísí Seachtracha trí Ghaeilge

- Moltar seirbhísí seachtracha dátheangacha (Gaeilge agus Béarla) a chur ar fáil do dhaltaí atá ag freastal ar scoileanna T1 maidir le measúnú agus idirghabhálacha (m.sh. síceolaithe oideachais agus teiripeoirí urlabhra agus teanga) (IASLT, 2016).
- Ba chóir oiliúint dátheangach a chur ar na daoine atá ag soláthar seirbhísí seachtracha chun cabhrú leo a gcuid oibre a dhéanamh i nGaeilge agus i mBéarla de réir riachtanas na ndaltaí (Hammer, Detwiler, Detwiler, Blood, & Deon Qualls, 2004; O'Toole & Hickey, 2013; Ware, Lye, & Kyffin, 2015)
- Ní mór trialacha measúnaithe trí Ghaeilge a chur ar fáil do shíceolaithe oideachais agus teiripeoirí urlabhra agus teanga chun cabhrú leo measúnú cuí a dhéanamh ar daltaí a bhfuil RSO acu i scoileanna T1 (O'Toole & Hickey, 2013).

4.2. Litearthacht

4.2.1. Measúnú

- Tá gá le measúnuithe chaighdeánaithe ar an luath-litearthacht Ghaeilge do dhaltaí atá ag foghlaim trí Ghaeilge. Tá sé seo an-tábhachtach chun cabhrú le scoileanna daltaí a bhfuil deacrachtaí acu a aithint go luath le linn na tréimhse luath-thumoideachais (Barnes, 2017; ERC, 2008).
- Moltar measúnaithe chaighdeánaithe dhátheangacha (Gaeilge-Béarla) a chur ar fáil don luath-litearthacht chun daltaí a bhfuil Béarla mar chéad teanga acu agus atá ag freastal ar scoileanna T1 a mheas go cruinn (Murphy & Travers, 2012).

- Ba chóir tástálacha caighdeánaithe ar léamh neamhfhocail (*non-word*) agus ar léamh focal, mar aon le measúnuithe cumais chognaíoch a chur ar fáil do dhaltáí atá ag freastal ar scoileanna T1, ach go háirithe dóibh siúd a bhfuil an Ghaeilge mar theanga bhaile acu (Barnes, 2017).

4.2.2. Idirghabhálacha Litearthachta

- I scoileanna tumoideachais T1, moltar gur chóir tacaíocht oideachais speisialta a chur ar fáil do dhaltáí trí theanga theagaisc laethúil na scoile m.sh. an Ghaeilge (Andrews, 2020; Ní Bhaoill & Ó Duibhir, 2004; Ní Chuaráin, 2009).
- Ba chóir cláracha idirghabhálacha bunaithe ar fhianaise a fhorbairt trí Ghaeilge bunaithe ar; (1) forbairt scileanna réamhriachtanacha na ndaltaí a bhfuil Gaeilge mar T2 acu (sainnithint fóinéim agus múineadh do dhaltáí an aibítir a aithint), (2) scileanna díchódaithe, (3) scileanna litrithe, (4) forbairt foclóra ó bhéil, agus (5) focail súilaithe (Barnes, 2017; NEPS, 2019).
- Moltar gur chóir go n-eagrófaí forbairt ghairmiúil sa bhreis do mhúinteoirí a chuireann idirghabhálacha litearthachta Ghaeilge ar fáil do dhaltáí T1 sna réimsí seo a leanas: fuaimeanna na Gaeilge, comhfhreagairt litreacha agus fuaimeanna, feasacht fóinéimeach, forbairt scileanna fóineolaíochta, agus inspreagadh daltaí a mhéadú (Barnes, 2017).

4.2.3. Acmhainní

- Dúirt na múinteoirí a ghlac páirt sa taighde go bhfuil gá le tuilleadh léitheoirí grádaithe Gaeilge do dhaltáí bunscoile agus iar-bhunscoile (NEPS, 2019).
- Ní mór bogearraí TFC trí Ghaeilge a fhorbairt chun cabhrú le daltaí a bhfuil deacrachtaí litearthachta acu (féach Tábla 4.1) (Bruce, Edmonson & Coleman, 2003; Chiu, Liou, Yeh, 2007; MacArthur, 2009), téacs na teanga (Parr, 2013; Wood, Moxley, Tighe, & Wagner, 2017), bogearra tuartha focal (Evmenova, Graff, Jerome, & Behrmann, 2010), leabhar idirghníomhacha (Huriyah, 2018).
- Ba cheart cúrsa tadhall chlósscríbhneoireachta a dhearadh don Ghaeilge chun cabhrú le daltaí a bhfuil deacrachtaí léitheoireachta nó scileanna móitair acu (Koorland, Edwards, & Doak, 1996; Tenney & Osguthorpe 1990).
- Moltar réimse leathan feidhmchlár litearthachta a dhearadh do dhaltáí bunscoile agus iar-bhunscoile T1 (féach Tábla 4.1).

Tábla 4.1. Na cineálacha feidhmchlár litearthachta atá tairbheach do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí léitheoireachta acu (leasaithe ó: Israelson, 2015)

Feidhmchlár E-leabhair	Leabhair atá ar fáil go leictreonach i bhfoirm feidhmchlár.
Cluichí ríme nó Foghraíochta	Tugann na feidhmchláir deis don dalta focail ríme nó foghraíochta a chleachtadh le gné chluichíochta.
Feidhmchlár Aibítreach	Tugann na feidhmchláir seo deis don dalta litreacha na haibítire a ainmniú nó a scríobh, mar shampla, Físeáin Ceoil A-Z.
Feidhmchlár Peannaireachta	Tugann na feidhmchláir seo deis don dalta litreacha agus focail a scríobh.
Feidhmchlár amharcfhocail	Bíonn éagsúlacht sna hamharcfhocail sna feidhmchláir seo agus is minic go mbíonn gné chluichíochta agus éisteacha iontu.
Feidhmchlár aicmí focal	Tugann na feidhmchláir seo deis don dalta cleachtadh a dhéanamh ar thúsfhoghar agus foghar deiridh.
Feidhmchlár Ceisteanna Ilrogha	Is altanna gairide iad formhór na bhfeidhmchlár a chothaíonn “léamhthuiscint” le ceisteanna ilrogha ina ndiaidh
Feidhmchlár Chumadóireachta Ilmhódacha	Tá na feidhmchláir seo deartha chun ligean don dalta tabhairt faoi scríbhneoireacht dhigiteach ar nós téacsanna ilmhódacha ina bhfuil focail, íomhánna, fuaimeanna, físeáin agus / nó beochana iontu. Is féidir pictiúrleabhar a úsáid chun scéalta ilmhódacha a chumadh agus a roinnt.
Scagadh/measú nú agus Idirghabháil	Cuireann na feidhmchláir seo ar chumas an mhúinteora daltaí a mheas agus monatóireacht a dhéanamh ar a ndul chun cinn. Tugann siad deis do dhaltaí tabhairt faoi idirghabhálacha litearthachta ar bhealach céimnithe agus idirghníomhach.

4.3. Teanga agus Cumarsáide

4.3.1. Measúnú

- Ba chóir go mbeadh na huirlisí measúnaithe seo a leanas ar fáil trí Ghaeilge do dhaltáí atá á dtógáil trí Ghaeilge nó ag fáil scolaíochta trí Ghaeilge; seicliosta scileanna forbartha cumarsáide, seicliosta scileanna éisteachta, seicliosta ar chumas/phróiseáil teanga, seicliosta foclóra teibí, measúnú feasachta fóinéimeach, measúnú luas léitheoireachta, agus scagthástáil teanga. Ba chóir go mbeadh na huirlisí seo curtha in oiriúint do dhaltáí a bhfuil an Ghaeilge mar chéad teanga agus mar dhara teanga acu ach atá ag foghlaim trí Ghaeilge (National Council for Special Education, 2021a).
- Tá acmhainní fheidhmiúla teanga agus cumarsáide (*functional language and communication*) ag teastáil trí Ghaeilge do dhaltáí scoileanna T1. Ba chóir go gcuimseodh na hacmhainní seo treoir foclóra agus seicliosta um phleanáil agus monatóireachta forbairt teanga agus cumarsáide na daltaí (NCSE, 2021b).
- Measúnuithe chaighdeánaithe foirmiúla urlabhra agus teanga a dhéanfaidh daltaí a mheas i roinnt réimsí éagsúla, mar shampla, próiseáil fóineolaíochta, teanga gabhchumais, teanga léiritheach (*expository*), agus cumarsáid shóisialta agus measúnú scileanna sóisialta (NCSE, 2021a).
- Tá gá le feidhmchláir a chur ar fáil trí Ghaeilge chun cabhrú le daltaí a gcuid scileanna sóisialta agus mothúchána a fhorbairt (Hromek, & Roffey, 2009).
- Tuarascála tuismitheoirí le struchtúir marcála a fhorbairt chun ionchur teanga daltaí dátheangacha a mheas go cruinn (O'Toole & Hickey, 2017).

4.3.2. Idirghabhálacha Teanga agus Cumarsáide

- Moltar roinnt straitéisí chun cabhrú le daltaí foghlaim tríd an dara teanga, mar shampla, clár saibhrithe stór focal (*Vocabulary Enrichment Programme*) a fhorbairt agus a chur ar fáil dóibh siúd atá ag foghlaim trí Ghaeilge (National Behaviour Support Service, 2014).
- Ba cheart clár a fhorbairt trí Ghaeilge a chuimsíonn gníomhaíochtaí chun teanga léiritheach agus gabhchumais, agus ceistiúchán struchtúrtha a fhorbairt agus a leathnú chun tuiscint na ndaltaí a fhorbairt (NCSE, 2021a; NEPS, 2015a, b).
- Moltar seicliosta tacaíochta cumarsáide ranga a chuimsíonn na heilimintí seo a leanas a fhorbairt; timpeallacht foghlama teanga, deiseanna foghlama teanga, agus idirghabhálacha foghlama teanga (Lindsay, Dockrell, Law, & Roulstone, 2012).

- Moltar idirghabhálacha dátheangacha (Gaeilge-Béarla), nó i dteanga bhaile an linbh (mionteanga, Gaeilge) a fhorbairt agus a chur ar fáil dóibh siúd le fadhbanna teanga agus urlabhra (IASLT, 2016).
- Idirghabhálacha teanga baile curtha i bhfeidhm ag tuismitheoirí (Adesope, Lavin, Thompson, & Ungerleider, 2011).
- Ba chóir clár teanga na matamaitice ó bhéal a fhorbairt trí Ghaeilge do dhaltáí bunscoile agus iar-bhunscoile T1 (Hufferd-Ackles, Fucus, & Sherin, 2004; Sfard, 2007). Ba chóir don chlár seo a bheith bunaithe ar an dioscúrsa matamaitice rathúil le béim ar brí, gramadach agus siombailí na matamaitice (O'Halloran, 2005: 204).

4.3.3. Acmhainní Teanga agus Cumarsáide

- Tá treoracha ag teastáil ó mhúinteoirí i scoileanna T1 faoi na bealaí le scileanna teanga agus cumarsáide na ndaltaí a fhorbairt ar aon dul leis na treoracha atá ar fáil trí Bhéarla (PDST, n.d; NEPS, 2015 a,b).
- Tá réimse acmhainní ag teastáil trí Ghaeilge do scoileanna agus tuismitheoirí, mar shampla, scileanna forbartha teanga, smaointe maidir le spraoi sa bhaile, pacáiste gníomhaíochtaí baile, cluichí, forbairt foclóra, agus athmhúnlú (NCSE, 2021). Acmhainní eile gur féidir le múinteoirí a úsáid chun teanga agus cumarsáid na mac léinn a fhorbairt ná boscaí cainte, éisteacht agus dathú, cluichí cuimhne bunaithe ar thascanna éisteachta agus athdhéanamh, agus cártaí comhrá (Twinkl, 2020). Tá na hacmhainní seo ar fáil saor in aisce do mhúinteoirí trí Bhéarla ach ar an drochuair níl mórán ar fáil trí Ghaeilge.

4.4. Matamaitic

4.4.1. Measúnú

- Teastaíonn réimse modhanna measúnaithe éagsúla a chur ar fáil atá oiriúnach dóibh siúd atá á dtógáil trí Ghaeilge agus dóibh siúd atá ag foghlaim trí Ghaeilge mar a mholann NEPS (2020), mar shampla, seicliostaí agus ceistneoirí.
- Moltar measúnú caighdeánaithe litearthachta agus matamaitice, mar shampla, tástálacha scagtha agus measúnuithe diagnóiseacha a fhorbairt trí Ghaeilge do dhaltáí scoileanna T1 (ERC, 2020; O'Toole & Hickey, 2013)
- Ba chóir measúnú luath-scagthástála agus diagnóiseach matamaitice ar nós an *Drumcondra Early Numeracy Test* (ERC, 2009) a fhorbairt do scoileanna T1. Ba chóir go mbeadh triail nua

deartha agus normaithe ar scoileanna T1. Ní leor an triail Bhéarla a aistriú go Gaeilge agus na noirm don triail Bhéarla a úsáid (O'Toole & Hickey, 2013; Pert & Letts, 2003).

- Moltar go láidir measúnú caighdeánaithe scagtha agus diagnóiseach dátheangach a fhorbairt don mhatamaitice ionas gur féidir le múinteoirí cumas na ndaltaí atá ag foghlaim trí Ghaeilge mar dhara teanga a mheas go cruinn (Barnes, 2017; Murphy & Travers, 2012).
- Moltar níos mó taighde a dhéanamh ar an méid ama gur chóir a thabhairt do dhaltaí atá á dtástáil sa mhatamaitic tríd an dara teanga chun cinntiú go mbeidh deis acu torthaí coibhéseacha a bhaint amach i gcomparáid leo siúd atá á dtástáil trína gcéad teanga (De Courcy, Bourton, 2000).
- Measúnú caighdeánaithe matamaitice a fhorbairt agus a chur ar fáil d'iar-bhunscoileanna T1 mar aon leis an *Drumcondra Post-Primary Maths Test (DPPT-MATHS)* (ERC, 2020).

4.4.2. Idirghabhálacha Uimhearthachta

- Ba chóir taighde a dhéanamh ar éifeachtacht hidirghabhálacha matamaitice sa chomhthéacs oideachais lán-Ghaeilge, mar shampla, idirghabhálacha bunaithe ar réiteach fadhbanna focal (Kong & Swanson, 2019), straitéisí matamaitice dinimiciúla (Orosco, 2013, 2014a, 2014b) agus idirghabháil atá oiriúnach ó thaobh cultúr agus go teanga de (Driver & Powell, 2017).
- Moltar leabhrán úsáideach d'fhoclóir matamaiticiúil a chruthú a liostaíonn an stór focal sonracha ba chóir a mhúineadh do dhaltaí ag gach leibhéal ranga (NCCA, 2014a, b).
- Tá liosta idirghabhálacha bunaithe ar fhianaise le fáil sa 'Treoir Dea-Chleachtais do Mhúinteoirí 2020' (DES & NEPS, 2020). Moltar do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna na hidirghabhálacha seo a úsáid le daltaí a bhfuil deacrachtaí matamaitice acu. Ar an drochuair, níl an chuid is mó de na hidirghabhálacha molta seo, seachas Mata sa Rang agus Réidh Socair Déan, ar fáil trí Ghaeilge. Ba chóir go mbeadh idirghabhálacha matamaitice atá bunaithe ar fhianaise ar fháil trí Ghaeilge do scoileanna T1.

4.4.3. Acmhainní

- Ba chóir feidhmchláir mhatamaitice agus TFC matamaitic a chur ar fáil trí Ghaeilge do dhaltaí scoileanna T1 (Outhwaite et al., 2019; Outhwaite, Gulliford, & Pitchford, 2020).
- Teastaíonn cluichí matamaitice fóirúla chun foghlaim agus inspreagadh na ndaltaí a bhfuil RSO acu a chur chun cinn (Lämsä, Hämäläinen, Aro, Koskimaa & Äyrämö, 2018).

4.5. Forbairt Phearsanta, Shóisialta, agus Mhothúchánach

4.5.1. Measúnú agus idirghabhálacha

- Moltar cláracha agus measúnaithe bunaithe ar fhianaise do fhorbairt phearsanta, shóisialta, agus mhothúchánach a chur ar fáil trí Ghaeilge do dhaltáí scoileanna T1 ar nós na cinn atá molta ag an NBSS (2020).
- Cláracha agus measúnaithe bunaithe ar fhianaise a fhorbairt trí Ghaeilge chun cabhrú le daltaí scoileanna T1 a bhfuil deacrachtaí iompair acu (NBSS, 2020).

4.5.2. Acmhainní

- Teastaíonn níos mó cluichí boird agus acmhainní trí Ghaeilge chun cabhrú le forbairt phearsanta, shóisialta, agus mhothúchánach dhaltáí scoileanna T1 (Hromek & Roffey, 2009).
- Ba chóir tuilleadh leabhar scéalta sóisialta a fhorbairt atá oiriúnach do dhaltáí scoileanna T1 agus iad a bheidh ar fáil mar aip/ar líne (Benish & Bramlett, 2011; Baker & Busse, 2015).
- Tá réimse áiseanna saor in aisce trí Bhéarla ar fháil ar líne, mar shampla, clár ama físiúil, póstaer bunaithe ar mhothúcháin srl. Tá acmhainní mar seo ag teastáil ó múinteoirí scoileanna T1 (Rutherford et al., 2020).
- Tá níos mó feidhmchlár agus acmhainní TFC ag teastáil trí Ghaeilge chun cabhrú le forbairt a dhéanamh ar scoileanna phearsanta, shóisialta, agus mhothúchánach dhaltáí i scoileanna T1 agus T2 (Boucenna et al., 2014).

5. Conclúid

Tá sé soiléir ó na tuairimí luachmhara a tháinig ó na múinteoirí a ghlac páirt sa taighde go dtí seo go bhfuil go leor acmhainní teagaisc agus measúnuithe ag teastáil trí Ghaeilge chun cabhrú le múinteoirí i scoileanna T1 tacú le daltaí a bhfuil RSO acu. Táimid thar a bheith buíoch do na múinteoirí uilig a thug a gcuid am go fial go dtí seo. Táimid ag lorg tuilleadh aiseolais anois ó scoileanna agus múinteoirí eile lena gcuid tuairimí faoin ábhar seo le cinntiú go bhfuil na hacmhainní agus na measúnuithe is tábhachtaí aitheanta. Beidh tionchar aige seo ar straitéis Gaeloideachas leis na bearnaí sa réimse seo a líonadh. Tugtar cuireadh duit anois freagra a thabhairt ar an bpáipéar seo tríd an nasc don fhoirm aiseolais chomhairliúcháin atá ar fáil [ANSEO](#). Is féidir an fhoirm seo a chomhlánú agus a sheoladh isteach go leictreonach tríd an nasc. Lorgáimid tuairimí ar ghné ar bith den pháipéar. Tá an páipéar comhairliúcháin ar fáil ar shuíomh gréasáin Gaeloideachas chomh maith (www.gaeloideachas.ie). Líon an fhoirm aiseolas le do chuid tuairimí roimh an 11 Meitheamh 2021 le do thoil. Ní féidir linn tuairimí a leagtar isteach tar éis an spriocdháta a chur san áireamh.

6. Tagairtí

- Adesope, O. O., Lavin, T., Thompson, T., & Ungerleider, C. (2011). Pedagogical strategies for teaching literacy to ESL immigrant students: A meta-analysis. *British Journal of Educational Psychology*, 81, 629–653. doi:10.1111/j.2044-8279.2010.02015.x
- An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) (2010). *Special Education Needs in Irish Medium Schools: All-Island Research on the Support and Training Needs of the Sector*. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta: POBAL.
- Andrews, S. (2020). *The additional supports required by pupils with special educational needs in Irish-medium schools*. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. <https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Additional-supports...-2.pdf>
- Barnes, E. (2017). *Dyslexia Assessment and Reading Intervention for Pupils in Irish-Medium Education: Insights into Current Practice and Considerations for Improvement*. (Unpublished master's thesis). <https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Trachtas-WEB-VERSION.pdf>
- Benish, T. M., & Bramlett, R. K. (2011). Using social stories™ to decrease aggression and increase positive peer interactions in normally developing pre-school children. *Educational Psychology in Practice*, 27, 1–17.
- Boucenna, S., Narzisi, A., Tilmont, E., Muratori, F., Pioggia, G., Cohen, D., & Chetouani, M. (2014). Interactive technologies for autistic children: A review. *Cognitive Computation*, 6(4), 722-740.
- Bruce, C. Edmundson, A., Coleman, M. (2003). Writing with voice: an investigation of the use of a voice recognition system as a writing aid for a man with aphasia. *International Journal of Language & Communication Disorders*, 38(2), 131-148.
- Cammarata, L., & Tedick, D. J. (2012). Balancing content and language in instruction: The experience of immersion teachers. *The Modern Language Journal*, 96(2), 251-269.
- Chiu, T.L., Liou, H.C., Yeh, Y. (2007). A study of web-based oral activities enhanced by automatic speech recognition for EFL college learning. *Computer Assisted Language Learning*, 20(3), 209-233.
- De Courcy, M., & Burston, M. (2000). Learning mathematics through French in Australia. *Language and Education*, 14(2), 75-95.
- Department of Education and Skills and the National Educational Psychological Service (NEPS). (2020). *A good practice guide for teachers*. <https://www.gov.ie/en/publication/430cc-maths-support-2020/>
- Driver, M. K., & Powell, S. R. (2017). Culturally and linguistically responsive schema intervention: Improving word problem solving for English language learners with mathematics difficulty. *Learning Disability Quarterly*, 40(1), 41-53.
- Educational Research Centre (ERC). (2008). *Drumcondra Tests of Early Literacy (DTEL) (2008)*. <https://www.tests.erc.ie/dtel>
- Educational Research Centre (ERC). (2009). *Drumcondra Tests of Early Numeracy (DTEN)*. <https://www.tests.erc.ie/dten>
- Educational Research Centre (ERC). (2020). *Post-Primary Tests (Paper & Online)*. <https://www.tests.erc.ie/post-primary-tests-menu>

- Feng, L., & Sass, T. R. (2010). *What makes special education teachers special? Teacher training and achievement of students with disabilities* (Working Paper No. 49). Washington, DC: Centre for Analysis of Longitudinal Data in Educational Research, Urban Institute.
- Hammer, C. S., Detwiler, J. S., Detwiler, J., Blood, G. W., & Dean Qualls, C. (2004). *Speech–language pathologists’ training and confidence in serving Spanish–English bilingual children* doi:<https://doi-org.dcu.idm.oclc.org/10.1016/j.jcomdis.2003.07.002>
- Hromek, R., & Roffey, S. (2009). Promoting Social and Emotional Learning With Games: “It’s Fun and We Learn Things”. *Simulation & Gaming*, 40(5), 626-644.
- Huriyah, S. (2018). Using ICT Programs to Support Students with Dyslexia in Acquiring Literacy. *ETERNAL (English Teaching Journal)*, 9(2).
- Israelson, M. H. (2015). The app map: A tool for systematic evaluation of apps for early literacy learning. *The Reading Teacher*, 69(3), 339-349.
- Irish Association of Speech and Language Therapists (IASLT). (2016). Guidelines for Speech and Language Therapists working with Linguistically Diverse Service Users. www.iaslt.ie
- Kong, J. E., & Swanson, H. L. (2019). The effects of a paraphrasing intervention on word problem-solving accuracy of English learners at risk of mathematic disabilities. *Learning Disability Quarterly*, 42(2), 92-104.
- Koorland, M. A., Edwards, B. J., & Doak, P. (1996). Evaluating a Systematic Keyboarding Strategy with Learning Disabilities. *Computers in the Schools*, 12(3), 13-20.
- Lämsä, J., Hämäläinen, R., Aro, M., Koskimaa, R., & Äyrämö, S.-M. (2018). Games for enhancing basic reading and maths skills: A systematic review of educational game design in supporting learning by people with learning disabilities. *British Journal of Educational Technology*, 49(4), 596-607. doi:10.1111/bjet.12639
- Lindsay, G., Dockrell, J., Law, J., & Roulstone, S. (2012). *The Better Communication Research Programme: Improving provision for children and young people with speech, language and communication needs*. https://www.basw.co.uk/system/files/resources/basw_22934-8_0.pdf
- MacArthur, C.A. (2009). Reflections on research on writing and technology for struggling writers. *Learning Disabilities Research & Practice*, 24(2), 93-103.
- Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., & Ní Shéaghda, A. (2004). *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004*. <https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Staid-Reatha-na-Scoileanna-Gaeltachta-2004.pdf>
- May, S. (2013). Indigenous immersion education: International developments. *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*, 1(1), 34-69.
- Murphy, D., & Travers, J. (2012). Including young bilingual learners in the assessment process: A study of appropriate early literacy assessment utilising both languages of children in a Gaelscoil. *Special and inclusive education: A research perspective*, 167-184.
- National Behaviour Support Service (NBSS). (2014). The Vocabulary Enrichment Programme: An Intervention to Improve Vocabulary Skills with First Year Students. https://www.nbss.ie/sites/default/files/publications/vocabulary_enrichment_programme_research_report.pdf
- National Behaviour Support Service (NBSS). (2020). *Social & Emotional Literacy Resources & Publications*. <https://www.nbss.ie/publications-categories/social-emotional-literacy-resources-publications>

- National Council for Curriculum and Assessment. (2007). *Language and Literacy in Irish-Medium Primary Schools: supporting school policy and practice*.
www.ncca.ie/uploadedfiles/publications/LL_Supporting_school_policy.pdf
- National Council for Curriculum and Assessment (NCCA). (2014a). *Research Report 17: Mathematics in Early Childhood and Primary Education (3–8 years) Definitions, Theories, Development and Progression*. https://ncca.ie/en/resources/ncca_research_report_17
- National Council for Curriculum and Assessment (NCCA). (2014b). *Research Report 18: Mathematics in Early Childhood and Primary Education (3–8 years) Teaching and Learning*.
https://ncca.ie/en/resources/ncca_research_report_18
- National Council for Special Education (NCSE). (2021a). *Literacy, Language & Learning Resources & Publications*. <https://www.nbss.ie/publications-categories/literacy-language-learning-resources-publications>
- National Council for Special Education (NCSE). (2021b). *SESS Functional Language and Communication Resource*. <https://www.sess.ie/resources/sess-functional-language-and-communication-resource>
- National Educational Psychological Service (NEPS). (2015a). *Classroom Support for Children with Language Difficulties (Primary)*.
<https://assets.gov.ie/41291/3f9cbf7e6e8c442cbf8e54890f612fd3.pdf>
- National Educational Psychological Service (NEPS). (2015b). *Classroom Support for Students with Language Difficulties (Post-Primary) Tips for Teachers*.
<https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/NEPS-Guides/Language-Skills/Language-Difficulties-Post-Primary-Classroom-Strategies.pdf>
- National Educational Psychological Service. (2019). *Effective Interventions for Struggling Readers*.
<https://www.education.ie/en/Publications/Education-Reports/Effective-Interventions-for-Struggling-Readers-A-Good-Practice-Guide-for-Teachers.pdf>
- Ní Bhaoill, M., & Duibhir, Ó. P. (2004). *Tús na léitheoireachta i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge*. BÁC: COGG.
- Ní Chiaruain, M. (2009). *An Examination of How Children with Dyslexia Experience Reading in Two Languages in a Gaelscoil*. Unpublished thesis, St. Patrick's College, Dublin City University.
<https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/mairead-ni-chiaruain-1.pdf>
- Ní Chinnéide, D. (2009). *The Special Educational Needs of Bilingual (Irish-English) Children*, 52. POBAL, Education and Training.
https://dera.ioe.ac.uk/11010/7/de1_09_83755_special_needs_of_bilingual_children_research_report_final_version_Redacted.pdf
- Nic Gabhann, D. (2008). *Survey of Special Education Needs in Gaelscoileanna, 2006-2007*. Unpublished Masters' thesis.
- Ó Duibhir, P., NigUidhir, G., Ó Cathalláin, S., Ní Thuairisg, L. & Cosgrove, J. (2015). *Anailís ar mhúnlaí soláthair Gaelscolaíochta (Tuairisc Taighde)*. Béal Feirste: An Coiste Seasta Thuaidh Theas ar Ghaeloideachas.
- O'Toole, C., & Hickey, T. M. (2013). Diagnosing language impairment in bilinguals: Professional experience and perception. *Child Language Teaching and Therapy*, 29(1), 91-109.
- O'Toole, C., & Hickey, T. M. (2017). Bilingual language acquisition in a minority context: using the Irish–English Communicative Development Inventory to track acquisition of an endangered language. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 20(2), 146-162.

- Orosco, M. J. (2013). The Development of a Math Strategy in Spanish for Latino English Language Learners at Risk for Math Disabilities. *International Journal for Research in Learning Disabilities, 1*(2), 86-109.
- Orosco, M. J. (2014a). Word problem strategy for Latino English language learners at risk for math disabilities. *Learning Disability Quarterly, 37*(1), 45-53.
- Orosco, M. J. (2014b). A math intervention for third grade Latino English language learners at risk for math disabilities. *Exceptionality, 22*(4), 205-225.
- Outhwaite, L. A., Faulder, M., Gulliford, A., & Pitchford, N. J. (2019). Raising early achievement in math with interactive apps: A randomized control trial. *Journal of Educational Psychology, 111*(2), 284.
- Outhwaite, L. A., Gulliford, A., & Pitchford, N. J. (2020). Language counts when learning mathematics with interactive apps. *British Journal of Educational Technology.*
- Parr, M. (2013). Text-to-speech technology as inclusive reading practice: Changing perspectives, overcoming barriers. *Learning Landscapes, 6*, 303–322.
- Professional Development Service for Teachers (PDST). (n.d). *Five Components of Effective Oral Language Instruction.*
<https://pdst.ie/sites/default/files/Oral%20Language%20Booklet%20PDF.pdf>
- Pert, S., & Letts, C. (2003). Developing an expressive language assessment for children in Rochdale with a Pakistani heritage background. *Child Language Teaching and Therapy, 19*(3), 267-289.
- Rutherford, M., Baxter, J., Grayson, Z., Johnston, L., & O’Hare, A. (2020). Visual supports at home and in the community for individuals with autism spectrum disorders: A scoping review. *Autism, 24*(2), 447-469.
- Sharp, E., & Shih Dennis, M. (2017). Model drawing strategy for fraction word problem solving of fourth-grade students with learning disabilities. *Remedial and Special Education, 38*(3), 181-192.
- Tenney, R. A., & Osguthorpe, R. T. (1990). Elementary age special education students using self-directed or tutor-assisted computer-aided instruction to develop keyboarding skills. *Journal of Educational Computing Research, 6*(2), 215-229.
- Twinkl. (2020). *Communication.* <https://www.twinkl.ie/search?term=COMMUNICATION>
- Ware, J., Lye, C. B., & Kyffin, F. (2015). Bilingualism and students (learners) with intellectual disability: A review. *Journal of Policy & Practice in Intellectual Disabilities, 12*(3), 220-231.
<https://doi.org/10.1111/jppi.12124>
- Wood, S. G., Moxley, J. H., Tighe, E. L., & Wagner, R. K. (2018). Does use of text-to-speech and related read-aloud tools improve reading comprehension for students with reading disabilities? A meta-analysis. *Journal of learning disabilities, 51*(1), 73-84.